



Daonáireamh 2022 Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil:

Athbhreithniú ar Réamhshonraí



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government
Management Agency



Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland





Daonáireamh 2022

Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil: Athbhreithniú ar Réamhshonraí

Mí na Nollag 2022 Taighde na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil

An Dr. Bernie O'Donoghue Hynes & An Dr. Des Delaney

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas:

O'Donoghue Hynes, B., agus Delaney, D. (2022) Daonáireamh 2022 Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil: Athbhreithniú ar Réamhshonraí
Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

ISBN:

978-1-9989960-8-7

Daonáireamh 2022: Athbhreithniú ar Réamhshonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) Ríomhleabhar-PDF (leagan Gaeilge)

Clár Ábhair


Liosta na dTáblaí	iv
Liosta na dTáblaí	iv
Achoimre Fheidhmeach	1
Daonáireamh 2022 - Réamhthorthaí	2
Réamhrá	2
1. Daonra an Stáit	2
2022 Méadú Nádúrtha ar an Daonra	3
2022 Glanimirce	3
Méadú Iomlán ar an Daonra Idir 2016 agus 2022	3
2. Daonra na nÚdarás Áitiúil	4
Méaduithe ar an Daonra i nGach Limistéar Údaráis Áitiúil	6
Méaduithe Nádúrtha ar an Daonra i nGach Limistéar Údaráis Áitiúil	8
Méaduithe Nádúrtha agus Glanimirce, leagtha amach de réir Údarás áitiúil	10
Conclúid	13

Liosta na dTáblaí

Tábla 1.	Méadú ar an Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil 2022	6
Tábla 2.	Méadú ar an Daonra, leagtha amach de réir Cúige agus de réir Údarás Áitiúil 2022	7
Tábla 3.	An Cóimheas idir Breitheanna agus Básanna, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil 2022	8

Liosta na bhFigiúirí

Fíor 1.	An Daonra de réir Dhaonáireamh 2016 agus 2022	2
Fíor 2.	Líon lomlán na mBreitheanna agus na mBásanna 2016-2022	3
Fíor 3.	Miondealú ar an Méadú Daonra	3
Fíor 4.	An Daonra 2016 agus 2022, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil	5
Fíor 5.	Méadú Nádúrtha ar an Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil 2022	9
Fíor 6.	Miondealú ar an Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil	10
Fíor 7.	An Céatadán de Mhéadú Nádúrtha agus de Ghlanimirce	12



Achoimre Fheidhmeach

Bhí daonra 5,123,536 sa Stát oíche dhaonáireamh 2022. Seo méadú 361,671 ar fhiúir dhaonáireamh 2016, nó méadú 8 faoin gcéad. Tháinig méadú ar an daonra i ngach údarás áitiúil idir 2016 agus 2022.

Dhá chomhpháirt a bhí i gceist leis an méadú daonra seo, méadú nádúrtha ar an daonra toisc go raibh líon na mbreitheanna níos mó ná líon na mbásanna, agus méadú ar ghlanimirce¹. Ar bhonn náisiúnta, bhí 47 faoin gcéad den fhás mar thoradh ar mhéadú nádúrtha agus 53 faoin gcéad mar thoradh ar ghlanimirce. Mar sin féin, ceileann na figiúirí náisiúnta na difríochtaí móra idir údarais áitiúla éagsúla, ó thaobh líon na ndaoine breise sa limistéar, an ráta fáis, agus comhpháirteanna an fháis sin.

- Bíonn an daonra is mó i gCathair Bhaile Átha Cliath i gcónaí le 588,233 duine ann oíche dhaonáireamh 2022, ansin bhí Contae Chorcaí sa dara háit le 358,898 duine, Fine Gall sa tríú háit le 329,218 duine agus Baile Átha Cliath Theas sa cheathrú háit le 299,793 duine.
- Bhí méadú 8 faoin gcéad ar an meán ar an daonra ar bhonn náisiúnta, ach bhí méadú 14 faoin gcéad sa Longfort, 13 faoin gcéad sa Mhí, agus méadú 11 faoin gcéad i bhFine Gall agus i gCill Dara araon. Bhí méadú 9 faoin gcéad ar an daonra i ngach ceann de na contaetha seo a leanas; Loch Garman, Port Láirge, Cill Mhantáin, Ceatharlach agus Liatroim. Ní raibh ach méadú 4 faoin gcéad i gCill Chainnigh agus i nDún na nGall, an ráta ba lú sa tír.

- Is idir Liatroim agus an meán náisiúnta a bhí an difríocht ba mhó maidir leis an méid den mhéadú daonra a bhain le glanimirce seachas le méadú nádúrtha. Ar bhonn náisiúnta, glanimirce ba chúis le 53 faoin gcéad den fhás, agus méadú nádúrtha ba chúis le 47 faoin gcéad. B'ionann glanimirce agus 74 faoin gcéad den fhás i Liatroim, agus 73 faoin gcéad i Ros Comáin, agus 72 faoin gcéad sa Longfort. Scéal difriúil ar fad a bhí i mBaile Átha Cliath Theas áit nach raibh ach 28 faoin gcéad den mhéadú daonra mar thoradh ar ghlanimirce, agus go raibh 72 faoin gcéad den mhéadú mar thoradh ar mhéadú nádúrtha (níos mó breitheanna ná básanna). Ba é an scéal céanna é i gCathair na Gaillimhe, i Muineachán agus i gCill Chainnigh - méadú nádúrtha ba chúis le méadú 60 faoin gcéad agus glanimirce ba chúis le méadú faoi bhun 40 faoin gcéad.
- Bhí an cóimheas idir breitheanna agus básanna ab airde sa tír i bhFine Gall le cóimheas 3.97 (sin 3.97 breith in aghaidh aon bháis amháin). I dtreo bhun an scála, 1.35 an cóimheas a bhí idir breitheanna agus básanna i Maigh Eo, agus 1.37 i gCiarraí.

Tá na réamhthorthaí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh sealadach go fóill agus tá sé tugtha le fios acu go mb'fhéidir go gcaithfidís anailís bhreise a dhéanamh orthu amach anseo.

¹ Chuir an CSO torthaí Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí le chéile sa mhiondealú ar an méadú daonra toisc nach raibh sonraí breitheanna/básanna ailínithe le teorainneacha athbhreithnithe 2019.

Daonáireamh 2022 - Réamhthorthaí

Réamhrá

Is iondúil go mbíonn daonáireamh ann gach cúig bliana ach cuireadh ar atráth é sa bhliain 2021, de dheasca na paindéime Covid. Ina ionad sin, rinneadh an daonáireamh is déanaí ar an 3 Aibreán 2022. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) réamhfhigiúirí i Meitheamh na bliana 2022, níos lú ná dhá sheachtain déag ó bhí oíche an daonáirimh ann, figiúirí bunaithe ar an gcéad chomhaireamh ó 5,000 ceantar áirimh. Daonáireamh 2022: Léirigh na Réamhthorthaí go raibh daonra Phoblacht na hÉireann os cionn cúig milliún duine, den chéad uair riamh ó bhí 1851 ann. Tá achoimre ar fhigiúirí dhaonra an stáit le fáil sa mhionteagasc gonta seo agus déantar miondealú ar staitisticí daonra de réir na n-údarás' áitiúil ann. Cé go bhfuil figiúirí foriomlána maidir le méadú daonra i ngach údarás áitiúil ar fáil ón CSO, tá figiúirí Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí curtha le chéile, maidir le saghas an mhéadaithe daonra toisc nach bhfuil na sonraí cumraithe fós chun ailíniú le teorainneacha athbhreithnithe 2019.


1. Daonra an Stáit

Ar an 3 Aibreán 2022, oíche an daonáirimh, cláraíodh 5,123,536 duine i bPoblacht na hÉireann B'in méadú 361,671 duine nó 8 faoin gcéad i gcomparáid le figiúirí Dhaonáireamh 2016.

Is díol suntais é go raibh méadú ar an daonra i ngach contae sa tír ó bhí an chéad daonáireamh roimhe sin ann, rud a tharla den chéad uair riamh i stair na ndaonáireamh sa tír. Is é fírinne an scéil, nár cláraíodh figiúr daonra chomh hard leis an gceann is déanaí in aon daonáireamh riamh ó bhí an bhliain 1851 ann.

Tá dhá chomhpháirt sa mhéadú daonra seo (i) an méadú nádúrtha ar an daonra, is é sin an difríocht idir líon iomlán na mbreitheanna agus na mbásanna agus (ii) glanimirce, an difríocht idir líon na ndaoine a thagann ar imirce chun na tíre agus líon na ndaoine a théann ar imirce as an tír.

Fíor 1 An Daonra de réir Dhaonáireamh 2016 agus 2022



2022 Méadú Nádúrtha ar an Daonra

Cláraíodh 360,701 breith agus 189,363 bás i bPoblacht na hÉireann, idir na blianta 2016 agus 2022, faoi mar a léirítear i bhFíor 2. Mar sin, tháinig méadú nádúrtha 171,338 duine ar dhaonra an stáit sna sé bliana idir daonáireamh 2016 agus daonáireamh 2022, mar go raibh níos mó breitheanna ná básanna sa tír.

2022 Glanimirce


Ó 2016 go 2022, tháinig 31,722 duine ar imirce chun na tíre gach bliain, rud a fhágann gur tháinig 190,333 duine san iomlán ar imirce le linn na tréimhse sin. D'imigh 4,934 duine ar imirce as Éirinn gach bliain sa tréimhse idir daonáireamh 2011 agus daonáireamh 2016, ach a mhalairt de threocht atá anois ann.

Méadú Iomlán ar an Daonra Idir 2016 agus 2022


In imeacht na sé bliana idir an dá dhaonáireamh, tháinig méadú 171,338 ar an daonra go nádúrtha agus tháinig méadú 190,333 ar an daonra mar thoradh ar ghlanimirce mheasta chun na tíre - sin méadú iomlán daonra 361,671 duine. Mar sin, is ionann glanimirce agus 53 faoin gcéad den mhéadú ar an daonra agus is ionann méadú nádúrtha agus 47 faoin gcéad den mhéadú sin.

Molann an CSO a bheith aireach maidir leis na staitisticí athraithe daonra seo, mar tá réamhshonraí breitheanna agus básanna ó chéad ráithe na bliana 2022 mar dhlúthchuid de na sonraí seo, agus d'fhéadfadh athruithe teacht orthu amach anseo. Molann an CSO a bheith aireach chomh maith maidir leis na figiúirí glanimirce mar d'fhéadfadh bogadh sealadach nó 'neamhimirceach' a bheith i gceist, is é sin cuairteoirí sealadacha sa teach nó áitritheoirí imithe go sealadach as an Stát oíche an daonáirimh. Mar sin féin, is achoimre agus meastachán áisiúil iad maidir leis an miondealú ar an méadú daonra.

Fíor 2 Líon iomlán na mBreitheanna agus na mBásanna 2016-2022



Fíor 3 Miondealú ar an Méadú Daonra



2. Daonra na n-Údarás Áitiúil²

Tháinig méadú ar an daonra i ngach údarás' áitiúil, lena n-áirítear Maigh Eo, Sligeach agus Dún na nGall, limistéir a raibh laghdú ar an daonra iontu i ndaonáireamh 2016.

Maidir le líon na n-achar sa cheantar, is í Cathair Bhaile Átha Cliath fós an t-údarás áitiúil is mó daonra (588,233) agus tá Contae Chorcaí (358,898) sna sála aici sa bhliain 2022. Bhí daonra mór i ngach údarás áitiúil i gContae Átha Cliath, le daonra 329,218 i bhFine Gall, 299,793 i mBaile Átha Cliath Theas, agus 233,457 i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bhí daonra mór chomh maith sna contaetha a roinneann teorainn le Contae Átha Cliath, le daonra 246,977 i gCill Dara agus 220,296 sa Mhí.


Tháinig méadú ar dhaonra Chathair Chorcaí go 222,333 agus tá daonra Chathair agus Chontae Luimnigh níos mó na 200,000 anois, le 205,444 duine ann oíche an daonáirimh.

Bhí daonra idir 100,000 agus 200,000 in aon údarás áitiúil déag (Contae na Gaillimhe; Tiobraid Árann; Dún na nGall; Loch Garman; Cill Mhantáin; Ciarraí; Lú; Maigh Eo; an Clár; Port Láirge; agus Cill Chainnigh) agus bhí daonra idir 35,000 agus 100,000 in aon údarás áitiúil déag eile (an Iarmhí; Laois; Cathair na Gaillimhe; Uíbh Fhailí; an Cabhán; Ros Comáin; Sligeach; Muineachán; Ceatharlach; an Longfort; agus Liatroim).



² Cuireann an CSO sonraí ó na 31 údarás áitiúil ar fáil i réamheisiúint 2022. Ba as tuarascáil an Choiste Teorann don Limistéar Toghcháin Áitiúil (Tuarascáil Uimh. 1 2018) a tógadh figiúirí athbhreithnithe 2016 do Chathair Chorcaí agus do Chontae Chorcaí, d'fhonn chomhpháirteanna an mhéadaithe daonra a chur i gcomparáid lena chéile. <https://www.boundarycommittee.ie/reports/Local%20Electoral%20Area%20Boundary%20Committee%20No.1%20Report%20-%202018.pdf>. Mar sin féin, dhearbhaigh an CSO nach raibh an t-athrú teorann a cuireadh i bhfeidhm i gCorcaigh sa bhliain 2019 curtha san áireamh maidir le miondealú ar líon na mbreitheanna agus na mbásanna, agus dá bhrí sin, cuireadh figiúirí Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí le chéile san athbhreithniú ar chomhdhéanamh an mhéadaithe daonra.

Fíor 4 An Daonra 2016 agus 2022, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil



Méadú ar an Daonra i nGach Limistéar Údarás Áitiúil

Tháinig méadú ar an daonra i ngach limistéar údarás áitiúil, taobh istigh den raon idir 3,043 i Liatroim agus 33,679 i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá an fás céatadánach idir 4 faoin gcéad i gCill Chainnigh (4,453) agus i nDún na nGall (7,129) araon agus 14 faoin gcéad sa Longfort (5,761).

Is i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i bhFine Gall a tháinig an méadú ba mhó ar an daonra, le 33,679 agus 33,198 faoi seach. Mar sin féin, is ionann an méadú daonra i bhFine Gall agus méadú 11 faoin gcéad, rud atá ard go leor i gcomparáid leis an meán náisiúnta (8 faoin gcéad) agus leis an méadú i gCathair Bhaile Átha Cliath (6 faoin gcéad). Tá an méadú i gContae Chorcaí (26,883) ag teacht leis an meán náisiúnta mar is ionann é agus méadú 8 faoin gcéad.

Bhí méadú suntasach idir líon agus ráta fáis i roinnt contaetha atá gar do Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear an Mhí le 25,252 duine sa bhreis, sin 13 faoin gcéad agus Cill Dara le 24,473 duine sa bhreis, sin 11 faoin gcéad. Bhí méadú 21,026 agus 15,439 i mBaile Átha Cliath Theas agus i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi seach, agus is ionann é sin agus ráta fáis 8 faoin gcéad agus 7 faoin gcéad faoi seach.

Tábla 1 Méadú ar an Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil 2022

Fás an Daonra 2016 -2022	Méadú Daonra	Céatadán an Ardaithe
Cathair Bhaile Átha Cliath	33,679	6%
Fine Gall	33,198	11%
Contae Chorcaí	26,883	8%
An Mhí	25,252	13%
Cill Dara	24,473	11%
Baile Átha Cliath Theas	21,026	8%
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	15,439	7%
Loch Gorman	13,805	9%
Contae na Gaillimhe	13,605	8%
Cill Mhantáin	13,060	9%
Cathair Chorcaí	11,480	5%
Port Láirge	10,909	9%
Luimneach	10,545	5%
Lú	10,216	8%
An Clár	8,602	7%
Tiobraid Árann	8,108	5%
Ciarraí	7,551	5%
Dún na nGall	7,129	4%
An Iarmhí	7,070	8%
Laois	6,960	8%
Maigh Eo	6,724	5%
Longfort	5,761	14%
Ros Comáin	5,451	8%
An Cabhán	5,025	7%
Ceatharlach	4,999	9%
Cathair na Gaillimhe	4,788	6%
Uíbh Fhailí	4,707	6%
Cill Chainnigh	4,453	4%
Sligeach	4,284	7%
Muineachán	3,446	6%
Liatroim	3,043	9%
Stát	361,671	8%

Tá an ráta méadaithe daonra os cionn an mheáin náisiúnta i seacht limistéar údarás áitiúil de na cúig cinn déag i gCúige Laighean (Longfort; an Mhí; Fine Gall; Cill Dara; Loch Garman; Cill Mhantáin; agus Ceatharlach). Tá ceithre cinn eile ag an meán náisiúnta 8 faoin gcéad (Laois; an Iarmhí; Lú; agus Baile Átha Cliath Theas). Fearacht Chathair Bhaile Átha Cliath, bhí ráta méadaithe 6 faoin gcéad in Uíbh Fhailí, sin 4,707 duine, ach 4 faoin gcéad ba ea an ráta méadaithe i gCill Chainnigh, sin 4,453 duine.

Bhí céatadán an ardaithe i Liatroim níos airde ná mar a bhí sé in aon limistéar údarás áitiúil eile i gCúige Chonnacht, le méadú 9 faoin gcéad, an t-aon údarás áitiúil sa chúige seo le ráta fáis os cionn an mheáin náisiúnta, arb ionann é agus 3,043 duine breise sa chontae. Bhí 13,605 duine sa bhreis i gContae na Gaillimhe, sin méadú 8 faoin gcéad, agus tá an figiúr sin ag teacht leis an meán náisiúnta. Bhí ráta fáis 8 faoin gcéad i Ros Comáin chomh maith, le 5,451 duine sa bhreis ann. Bhí rátaí fáis 7, 6 agus 5 faoin gcéad i Sligeach, i gCathair na Gaillimhe agus i Maigh Eo faoi seach.

Ba é Port Láirge an réigiún údarás áitiúil ba mhó fás i réigiún na Mumhan ag 9 faoin gcéad arb ionann é agus 10,909 duine breise sa chontae oíche an daonáirimh. Is é an t-aon limistéar údarás áitiúil i gCúige Mumhan ina raibh ráta méadaithe os cionn an mheáin náisiúnta, agus bhí méadú 26,883 ar dhaonra Chontae Chorcaí, figiúr atá ag an meán náisiúnta, 8 faoin gcéad. Tá 11,480 duine breise i gCorcaigh, sin méadú 5 faoin gcéad, figiúr atá ag teacht leis an ráta i gCathair agus i gContae Luimnigh a bhfuil 10,545 duine breise ann. Tá an ráta fáis ceannann céanna i dTiobraid Árann agus i gCiarraí, a raibh méadú 8,108 agus 7,551 faoi seach ann. Bhí méadú 7 faoin gcéad sa Chlár, sin 8,602 duine breise sa cheantar.

Bhí rátaí fáis i gCúige Uladh níos lú ná an meán náisiúnta. Bhí 5,025 duine breise i gCabhán, sin ráta fáis 7 faoin gcéad; 3,446 duine breise i Muineachán, sin fás 6 faoin gcéad; agus 7,129 duine breise i nDún na Gall, sin fás 4 faoin gcéad.

Tábla 2 Méadú ar an Daonra de réir Dhaonáireamh 2022, leagtha amach de réir Cúige agus de réir Údarás Áitiúil

Fás sna Cúigí 2016 -2022	Méadú Daonra	Céatadán an Ardaithe
Cúige Laighean		
Cathair Bhaile Átha Cliath	33,679	6%
Fine Gall	33,198	11%
An Mhí	25,252	13%
Cill Dara	24,473	11%
Baile Átha Cliath Theas	21,026	8%
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	15,439	7%
Loch Gorman	13,805	9%
Cill Mhantáin	13,060	9%
Lú	10,216	8%
An Iarmhí	7,070	8%
Laois	6,960	8%
Longfort	5,761	14%
Ceatharlach	4,999	9%
Uíbh Fhailí	4,707	6%
Cill Chainnigh	4,453	4%
Cúige Chonnacht		
Contae na Gaillimhe	13,605	8%
Maigh Eo	6,724	5%
Ros Comáin	5,451	8%
Cathair na Gaillimhe	4,788	6%
Sligeach	4,284	7%
Liatroim	3,043	9%
Cúige Mumhan		
Contae Chorcaí	26,883	8%
Cathair Chorcaí	11,480	5%
Port Láirge	10,909	9%
Luimneach	10,545	5%
An Clár	8,602	7%
Tiobraid Árann	8,108	5%
Ciarraí	7,551	5%
Cúige Uladh		
Dún na nGall	7,129	4%
An Cabhán	5,025	7%
Muineachán	3,446	6%
Stát	361,671	8%

Méadú Nádúrtha ar an Daonra i nGach Limistéar Údarás Áitiúil

Bhí níos mó breitheanna ná básanna i ngach údarás áitiúil, rud a fhágann gur tháinig méadú nádúrtha ar an daonra. Cláraíodh an líon ab airde de bhreitheanna agus de básanna i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh (Cathair agus Contae le chéile), bhí breis agus 40,000 breith ann i gcomparáid le 22,000 bás.

Faightear léargas níos fearr ar phróifíl an daonra áfach, nuair a chuirtear an cóimheas idir breitheanna agus básanna san áireamh. Bíonn a lán daoine óga ina gcónaí i limistéir ina bhfuil cóimheas ard idir breitheanna agus básanna, ach bíonn a lán seandaoine ina gcónaí i limistéir ina bhfuil an cóimheas sin níos ísle.

Is i bhFine Gall atá an cóimheas is airde idir breitheanna agus básanna sa stát - 3.97 (sin 3.97 breith in aghaidh aon bháis amháin). A mhalairt de scéal atá ann i gcás Mhaigh Eo, áit a bhfuil an cóimheas is ísle sa tír. Níl ach 1.35 breith le haghaidh aon bháis amháin i Maigh Eo. Tugann na figiúirí seo léargas ar ráta agus luas an fháis i measc teaghlach óg sa limistéar.


Tá seacht limistéar údarás áitiúil ann, ina bhfuil an cóimheas idir breitheanna agus básanna idir 2 agus 3. Is iad sin Cill Dara; Baile Átha Cliath Theas; an Mhí; Cathair na Gaillimhe; Laois; an Iarmhí; agus Lú. Seachas Cathair na Gaillimhe, tá gach ceann de na húdaráis áitiúla seo taobh istigh den chrios comaitéireachta timpeall Bhaile Átha Cliath.

Tá cóimheas idir 1.35 agus 2 sna 22 limistéar údarás áitiúil eile.

Tábla 3 Cóimheas idir Breitheanna agus Básanna 2022, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil

Cóimheas idir Breitheanna agus Básanna					
Fine Gall	3.97	Ceatharlach	1.92	Loch Gorman	1.65
Cill Dara	2.90	An Cabhán	1.92	An Clár	1.62
Baile Átha Cliath Theas	2.85	Uíbh Fhailí	1.89	Cathair Bhaile Átha Cliath	1.61
An Mhí	2.77	Contae na Gaillimhe	1.86	Tiobraid Árann	1.53
Cathair na Gaillimhe	2.38	Muineachán	1.79	Dún na nGall	1.51
Laois	2.30	Corcaigh	1.77	Ros Comáin	1.48
An Iarmhí	2.04	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	1.72	Liatroim	1.48
Lú	2.00	Luimneach	1.71	Sligeach	1.45
Cill Mhantáin	1.99	Cill Chainnigh	1.67	Ciarraí	1.37
Longfort	1.95	Port Láirge	1.67	Maigh Eo	1.35

Fíor 5 Méadú Nádúrtha ar an Daonra de réir Dhaonáireamh 2022, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil




Méaduithe Nádúrtha agus Glanimirce, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil

Cuirtear figiúr glanimirce gach limistéir údarás áitiúil leis an méadú nádúrtha chun teacht ar an méadú iomlán daonra. Ar leibhéal náisiúnta, tá glanimirce níos airde ná méadú nádúrtha (18,995 duine níos airde), agus is ionann é sin agus 53 faoin gcéad den mhéadú náisiúnta ar

an daonra ó bhí 2016 ann. Is i gCorcaigh (Cathair agus Contae le chéile) atá na figiúirí glanimirce is airde sa tír 20,892. Tá Cathair Bhaile Átha Cliath sna sála aige le 18,175 duine, agus ansin an Mhí le 14,921 duine. 13,462 agus 12,440 na figiúirí glanimirce i bhFine Gall agus i gCill Dara faoi seach.

Fíor 6 Miondealú ar an Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil:




Maidir le méadú daonra, cé gur léir ón meán náisiúnta go bhfuil figiúirí glanmirce níos airde ná figiúirí méadaithe nádúrtha, ceileann sé seo na difríochtaí ollmhóra idir na húdaráis áitiúla éagsúla. Tá difríochtaí idir 28 agus 74 faoin gcéad ann maidir leis an méid a chuireann glanmirce leis an méadú iomlán daonra i limistéar údaráis áitiúil.

Bhí farasbarr méadaithe nádúrtha ar ghlanmirce a bhí níos airde ná an meán náisiúnta i gcúig cinn déag de na tríocha údarás áitiúil. Ba ríléir é seo i mBaile Átha Cliath Theas, limistéar ina raibh 72 faoin gcéad dá méadú mar thoradh ar mhéadú nádúrtha, i gcomparáid leis an meán náisiúnta 47 faoin gcéad. Bhí figiúr Chathair na Gaillimhe (64 faoin gcéad) i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta chomh maith, agus mar an gcéanna le Muineachán agus Cill Chainnigh araon (61 faoin gcéad). 59 faoin gcéad an figiúr i bhFine Gall, agus 58 faoin gcéad i Luimneach, agus ansin 57 faoin gcéad in Uíbh Fhailí agus i gCabhán araon.

Ach a mhalairt de scéal atá i gcontaetha eile, mar is í glanmirce is cúis leis an gcuid is mó den mhéadú. Ba í glanmirce ba chúis le 74, 73 agus 72 faoin gcéad den mhéadú daonra i Liatroim, i Ros Comáin, agus sa Longfort faoi seach, agus bhí na figiúirí seo níos airde ná an meán náisiúnta 53 faoin gcéad. Is mar an gcéanna an scéal i bPort Láirge, i Loch Garman, i Sligeach, i Maigh Eo, i gCiarraí, sa Chlár agus i gCill Mhantáin, mar a raibh idir 60 agus 70 faoin gcead den mhéadú daonra mar thoradh ar ghlanmirce.



Fíor 7 An Céatadán de Mhéadú Nádúrtha agus de Ghlanimirce



Conclúid

Cláraíodh breis agus cúig milliún duine i bPoblacht na hÉireann den chéad uair ó bhí 1851 ann, sin méadú 8 faoin gcéad ó dhaonáireamh 2016. Bhí níos mó breitheanna ná básanna sa Phoblacht le linn thréimhse ama an daonáirimh, le figiúr méadaithe nádúrtha de 171,338 duine, agus ag an am céanna, mhéadaigh an figiúr measta glan-inimirce go 190,333 duine. Ach, shoiléirigh an CSO nach bhfuil na figiúirí imirce seo dearbhaithe go fóill agus go bhféadfaí anailís bhreise a dhéanamh orthu amach anseo.

Maidir leis na húdaráis áitiúla, murab ionann agus daonáireamh 2016 nuair a bhí laghdú ar an daonra i Maigh Eo, i Sligeach, agus i Muineachán; bhí méadú ar an daonra i ngach uile chontae gan eisceacht de réir dhaonáireamh 2022. Ba i gCathair Bhaile Átha Cliath, i bhFine Gall, agus i gContae Chorcaí a bhí an t-athrú ba mhó ar an daonra - bhí idir 33,379 agus 26,883 duine breise sna limistéir sin. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar chéatadán an ardaithe, feictear go bhfuil na rátaí fáis i Longfort, sa Mhí, i gCill Dara, agus i bhFine Gall idir 14 agus 11 faoin gcéad, agus tá sé seo i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (méadú 8 faoin gcéad).

Is i bhFine Gall atá an cóimheas is airde idir breitheanna agus básanna, áit a bhfuil 3.97 breith in aghaidh aon bháis amháin). Is i Maigh Eo agus i gCiarraí atá na cóimheasa is ísle, le cóimheasa 1.35 agus 1.37 faoi seach. Is léir ón miondealú idir méadú daonra de bharr méadú nádúrtha agus méadú daonra de bharr glanimirce go bhfuil difríochtaí móra idir údaráis áitiúla éagsúla. Cé go raibh 53 faoin gcéad den mhéadú daonra mar thoradh ar ghlanimirce, ní mar sin a bhí sé i mBaile Átha Cliath Theas, áit nár bhain ach 28 faoin gcéad den mhéadú daonra le glanimirce. Ar an taobh eile ar fad, bhí 74 faoin gcéad den mhéadú daonra mar thoradh ar ghlanimirce i Liatroim.

Tá réamhchuntas ar shaghas agus ráta an mhéadaithe daonra i ngach limistéar ar fáil d'údaráis áitiúla ach na sonraí a ndearnadh athbhreithniú orthu sa tuarascáil seo a léamh, ach beidh léargas níos iomláine ar an ábhar ar fáil nuair a eiseoidh an CSO faisnéis níos mionsonraithe.



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government
Management Agency

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)

Teach an Rialtais Áitiúil,

35-39 Cé Users,

Baile Átha Cliath 8.

Eircode: D08 XKP7

Teil: +353 1 6332200